C/2025/2260

10.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11812 — METHANEX / OCI METHANOL BUSINESS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2260)

1. An 1 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Methanex Corporation ('Methanex', Ceanada),

— OCI USA Inc. (na Stáit Aontaithe), Firewater Holding LLC (na Stáit Aontaithe), agus BioMethanol Chemie Holding II B.V. (an Ísiltír) (le chéile 'OCI Methanol Business'), iad go léir faoi rialú OCI N.V. (an Ísiltír).

Gheobhaidh Methanex rialú aonair ar OCI Methanol Business ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir agus soláthraí domhanda meatánóil é Methanex. Tá saoráidí táirgthe ag Methanex atá lonnaithe i gCeanada, sa tSile, san Eigipt, sa Nua-Shéalainn, in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus sna Stáit Aontaithe, agus soláthraíonn sé táirgí do chustaiméirí ar fud an domhain, lena n-áirítear i Meiriceá Thuaidh, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, san Eoraip agus i Meiriceá Theas,

— Is táirgeoir agus soláthróir meatánóil agus amóinia é OCI Methanol Business. As a shaoráidí táirgthe sna Stáit Aontaithe, soláthraíonn sé táirgí do chustaiméirí ar fud an domhain, go príomha sna Stáit Aontaithe, san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus san Áis.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11812 — METHANEX / OCI METHANOL BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').